# Iolrachas na Meán
## Beartas

Dáta foilsithe:
Lúnasa 2026

Coimisiún na Meán



# Clár Ábhar


| | | |
|---|---|---|
| 1. | Réamhrá agus cúlra | 2 |
| | Coimisiún na Meán | 2 |
| | Iolrachas na meán | 5 |
| | An beartas seo | 7 |
| 2. | Cad is iolrachas na meán ann? | 9 |
| | An tábhacht a bhaineann le hiolrachas na meán | 10 |
| | Rioscaí agus dúshláin d'iolrachas na meán | 11 |
| 3. | Fís and cuspóirí an Bheartais | 13 |
| | Fís | 13 |
| | Cuspóirí | 13 |
| 4. | Réimsí toraidh beartais | 14 |
| | Seirbhís Phoiblí | 15 |
| | Iriseoireacht | 16 |
| | Rogha | 16 |
| | Nuálaíocht | 17 |
| | Ionchuimsitheacht | 18 |
| 5. | Táscairí beartais | 19 |

# 1. Réamhrá agus cúlra

## Coimisiún na Meán

Is é Coimisiún na Meán ("An Coimisiún") an ghníomhaireacht neamhspleách a fhorbraíonn agus a rialaíonn tírdhreach meán atá rathúil, éagsúil, cruthaitheach, sábháilte agus iontaofa in Éirinn.Tá roinnt cumhachtaí, feidhmeanna, agus freagrachtaí ag an gCoimisiún chun seasamh leis an tsaoirse cainte agus iolrachas na meán a chinntiú.

Le halt 7 den Acht Craolacháin 2009 arna leasú ("**Acht 2009**") cuirtear d'oibleagáid ar an gCoimisiún a chinntiú:

- Go dtacófar leis na luachanna daonlathacha atá cumhdaithe sa Bhunreacht;
- Go ndéanfar leasanna an phobail a chosaint;
- Go mbeidh na seirbhísí craolacháin agus na seirbhísí meán closamhairc ar éileamh atá ar fáil sa Stát oscailte, ionchuimsitheach agus iolraíoch;
- Go gcuirfear athrú teicneolaíoch agus sochaíoch san áireamh sna socruithe rialála;
- Go gcuirfear cláir ardcháilíochta, éagsúla agus nuálacha ar fáil;
- Go mbeidh éagsúlacht agus trédhearcacht i rialú na meán cumarsáide atá ag feidhmiú sa Stát;
- Go gcuirfear litearthacht sna meáin chun cinn trí thaighde agus oideachas; agus
- Go gcothóidh an timpeallacht rialála iriseoireacht neamhspleách neamhchlaonta.

Ina theannta sin, tá cumhachtaí agus freagrachtaí ag an gCoimisiún faoin Acht Iomaíochta 2002 arna leasú ("**Acht 2002**") chun taighde agus measúnú a dhéanamh ar dhálaí mhargadh na meán, lena n-áirítear i ndáil le cumaisc sna meáin, agus d'fhéadfadh sé go n-éileodh an Coimisiún athruithe trí idirghabháil rialála chun iolrachas na meán a chosaint agus a chur chun cinn.

Leis an gcreat dlíthiúil faoina bhfeidhmíonn an Coimisiún chun na meáin agus seirbhísí ar líne a rialáil agus chun tacú leo, cuirtear réimse uirlisí ar fáil dó le haghaidh iolrachas na meán. Agus é ag cur iolrachas na meán chun cinn agus á choimirciú, gníomhaíonn an Coimisiúin laistigh dá shainchúraim reachtúil agus de réir phrionsabail na comhréireachta, na comhsheasmhachta agus na cothroime.

Cuimsíonn an creat seo:

- Acht 2009,
- Acht 2002,
- an Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc (“**AVMSD**”), lena leagtar amach creat chun seirbhísí meán closamhairc a rialáil,
- an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha (“**GSD**”), chun timpeallacht ar líne atá sábháilte, intuartha, agus ar féidir brath air a chinntiú,
- an Gníomh Eorpach um Shaoirse na Meán (“**EMFA**”), chun iolrachas na meán agus neamhspleáchas eagarthóireachta a choimirciú, agus
- reachtaíocht baile lena gcur i bhfeidhm.



Dá réir sin, áirítear an méid seo a leanas le ról an Choimisiúin in iolrachas na meán:

| Rialáil | Forbairt agus tacaíocht | Lucht féachana agus úsáideoirí |
|---|---|---|
| Ceadúnú craoltóirí | Ábhar meán sóisialta a mhaoiniú | Litearthacht sna meáin a chur chun cinn |
| Soláthraithe físeán ar éileamh a chlárú | Nuálaíocht earnálach a mhaoiniú | Taighde ar thomhaltas agus roghanna na meán |
| Cóid agus rialacha do chraoltóirí, soláthraithe físeán ar éileamh, agus ardáin comhroinnte físeán | Forbairt scileanna d'earnáil na meán | An ceart a chaomhnú chun an tairiscint meán a shaincheapadh ar chomhéadain agus ar ghléasanna úsáideora |
| Gearáin a láimhseáil, faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh, agus caighdeáin ábhair agus cóid agus rialacha gaolmhara a fhorfheidhmiú | Straitéisí d'earnáil na meán | Foirmiú agus comhairliúchán le coistí comhairleacha agus le painéil chomhairleacha |
| Maoirseacht a dhéanamh ar oibleagáidí na n-ardán ar líne | Scéimeanna urraíochta d'earnáil na meán | |
| Athbhreithniú a dhéanamh ar sholáthar na meán seirbhíse poiblí | An Ghaeilge a chur chun cinn | |
| Measúnú a dhéanamh ar chumaisc agus éadálacha sna meáin | | |
| Taighde a dhéanamh ar struchtúir agus athruithe maidir le húinéireacht na meán, lena n-áirítear bunachair sonraí maidir le húinéireacht na meán a fhorbairt | | |
| Faireachán a dhéanamh ar leithdháileadh cistí poiblí le haghaidh fógraíochta | | |

## Iolrachas na meán

Cumhdaítear iolrachas na meán i gcreataí um chearta an duine, atá nasctha leis an gceart chun saoirse cainte. Aithnítear meáin shaora agus iolraíocha mar cholúin den daonlathas nua-aimseartha, rud a fhágann gur féidir faisnéis a scaipeadh agus an chumhacht a thabhairt chun cuntais.

San Eoraip, leagtar amach le hAirteagal 11 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (“**CFREU**”) an ceart chun saoirse cainte, lena n-áirítear an tsaoirse tuairimí a bheith ag duine agus faisnéis agus smaointe a fháil agus a thabhairt, gan cur isteach agus gan beann ar theorainneacha. Foráiltear le hAirteagal 11 freisin go n-urramófar saoirse agus iolrachas na meán.

Foráiltear le AVMSD athbhreithnithe, a achtaíodh in 2018, gur cheart d’údaráis rialála náisiúnta le haghaidh seirbhísí meán closamhairc urraim do chuspóirí maidir le hiolrachas na meán agus éagsúlacht chultúrtha a chinntiú. Aithnítear le AVMSD an chumhacht foirmithe tuairimí a bhaineann le seirbhísí meán closamhairc.

Le GSD, a achtaíodh in 2022, cuirtear oibleagáidí ar ardáin ar líne – agus, go háirithe, orthu siúd atá ainmnithe mar Ardáin an-Mhór ar Líne (“**VLOPanna**”) agus Innill Chuardaigh an-Mhór ar Líne (“**VLOSEnna**”) – aird chuí a thabhairt ar an tsaoirse cainte agus ar fhaisnéis ina ngníomhaíochtaí, lena n-áirítear saoirse agus iolrachas na meán. Ní mór do VLOPanna agus VLOSEnna measúnú agus maolú a dhéanamh ar rioscaí a eascraíonn as dearadh nó feidhmiú a seirbhísí, lena n-áirítear rioscaí do shaoirse agus d’iolrachas na meán.

Le EMFA, a achtaíodh i mí na Bealtaine 2024, dírítear ar ról na meán maidir le tuairimí an phobail a mhúnlú agus faisnéis a sholáthar do shaoránaigh atá ábhartha chun páirt ghníomhach a ghlacadh i bpróisis dhaonlathacha. Le EMFA sainmhínítear iolrachas na meán mar “an fhéidearthacht rochtain a fháil ar sheirbhísí éagsúla meán agus ar ábhar éagsúil meán a léiríonn tuairimí, guthanna agus anailísí éagsúla”.

# 1. Réamhrá agus cúlra

Le EMFA cuirtear d'oibleagáid ar na Ballstáit urraim a thabhairt don cheart atá ag faighteoirí seirbhísí meán rochtain a bheith acu ar iolracht ábhair meán atá neamhspleách ó thaobh eagarthóireachta de, agus an ceart sin a choimirciú, ar mhaithe le dioscúrsa saor agus daonlathach.

Ina theannta sin, maidir le haon bheart rialála nó riaracháin a dhéanfaidh an Coimisiún ar dóigh dó difear a dhéanamh d'iolrachas na meán, tá sé d'oibleagáid air faoi EMFA a chinntiú go mbeidh sé cuí-réasúnaithe, comhréireach, réasúnaithe, trédhearcach, oibiachtúil agus neamh-idirdhealaitheach, de réir tráthchláir a leagtar amach roimh ré.

Luaitear sa Sciath Eorpach don Daonlathas de chuid an Choimisiúin Eorpaigh, arna fhoilsiú in 2025, nach foláir meáin shaora agus neamhspleácha chun a chur ar chumas saoránach páirt a ghlacadh go bríoch sa saol polaitiúil, a n-ionadaithe a roghnú, na hionadaithe sin a choinneáil cuntasach, agus a gcearta agus a saoirsí a fheidhmiú go hiomlán.



## An beartas seo

Forbraíodh Beartas an Choimisiúin um Iolrachas na Meán (an "**Beartas**") chun cur le Beartas um Iolracht sna Meáin 2019 de chuid Údarás Craolacháin na hÉireann, agus athrú teicneolaíoch agus sochaíoch á chur san áireamh, agus aird á tabhairt ar ról leathnaithe an Choimisiúin. Leagtar amach sa Bheartas um Iolrachas na Meán ról an Choimisiúin maidir le tacú le hiolrachas na meán agus é a chur chun cinn, lena n-áirítear na torthaí a bhfuil sé mar aidhm ag an gCoimisiún iad a bhaint amach, agus bonn a sholáthar chun iolrachas na meán a thomhas.

Leagtar amach i Ráiteas Straitéise 2025 – 2027 (an "**Straitéis**") ón gCoimisiún an **misean** atá aige tírdhreach meán a rialáil, tacú leis agus é a fhorbairt ar bhealach lena gcothaítear sochaí dhaonlathach agus iolraíoch. Tá iolrachas na meán lárnach chun na t**orthaí straitéiseacha** a thugtar breac-chuntas orthu sa Straitéis a bhaint amach, lena n-áirítear:

- raon leathan tuairimí a chur in iúl go dleathach, agus a chur ar chumas daoine ina n-éagsúlacht a dtuairimí dleathacha a chur in iúl, agus a bheith ina ndaoine aonair barántúla i ngach cineál meán;
- earnáil meán in Éirinn atá inrochtana, cuimsitheach, éagsúil agus ionadaíoch ar Éirinn chomhaimseartha;
- éagsúlacht úinéireacht na meán agus iolracht na mbealaí léiriúcháin, dáileacháin agus seachadta;
- léiriú ábhair ag eagraíochtaí meán seirbhíse poiblí a bhfuil meas air agus a úsáidtear; agus
- daoine a lorgaíonn, a shainaithníonn agus a úsáideann ábhar ó fhoinsí iontaofa faisnéise.

Tá sé i gceist le Beartas an Choimisiúin um Iolrachas na Meán soiléireacht a thabhairt do gach páirtí leasmhar maidir le tuiscint Choimisiún na Meán ar iolrachas na meán, agus conas a threoróidh iolrachas na meán gníomhaíocht na heagraíochta.

Tá iolrachas na meán leabaithe in obair an Choimisiúin, lena n-áirítear obair ar tugadh faoi go dtí seo, mar shampla:

- a Straitéis Inscne, Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsitheachta d'earnáil na meán in Éirinn;
- a Chreat um na Meáin Seirbhíse Poiblí a fhorbairt;
- a Straitéis um Sheirbhísí Craolacháin;
- a Scéimeanna Tuairiscithe Nuachta, Tuairiscithe Daonlathais Áitiúil agus Tuairiscithe na gCúirteanna;
- a chóid agus a rialacha, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le caighdeán clár nó nuachta agus ábhair cúrsaí reatha.

Ba cheart an Beartas a léamh agus a léirmhíniú i gcomhar le beartais eagraíochtúla eile a rialaíonn ábhair ghaolmhara.

Leagtar amach na gnéithe seo a leanas sa Bheartas:

**Cuspóirí**

Is ionann na cuspóirí agus sprioc an Bheartais, agus cuirfidh siad bonn eolais faoi ghníomhartha an Choimisiúin ar bhonn leanúnach, ar feadh shaolré an Bheartais.

**Réimsí toraidh**

Leagtar béim sna réimsí toraidh ar an áit a bhfuil sé mar aidhm ar leith ag an gCoimisiún tionchar a imirt ar an bpobal agus ar thírdhreach na meán chun tacú le hiolrachas na meán agus chun é a chur chun cinn.

**Táscairí**

Leis na táscairí, nuair a chuirtear le chéile iad leis na réimsí toraidh, cuirtear bonn ar fáil chun iolrachas na meán agus tionchar ghníomhaíocht an Choimisiúin a thomhas.

Déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar thionchar agus ar éifeachtacht a ghníomhartha, lena n-áirítear an Beartas seo, ar bhonn leanúnach. Féadfaidh an Coimisiún leaganacha breise den Bheartas seo a fhoilsiú amach anseo, nó an Beartas seo a fhorlíonadh le doiciméadacht eile.

# 2. Cad is iolrachas na meán ann?

Measann an Coimisiún go bhféadann gnéithe amhail **úinéireacht, seirbhísí, ábha**r agus **nochtadh** cur le hiolrachas na meán.

| | |
|---|---|
| **Úinéireacht** | Na heintitis ar leo seirbhísí meán, ardáin ar líne nó ábhar meán nó a rialaíonn iad. |
| **Seirbhísí** | Go bhfuil ann do sheirbhísí meán nó ardáin ar líne lena soláthraítear rochtain ar ábhar meán. |
| **Ábhar** | An méid a chuireann seirbhísí meán nó ardáin ar líne ar fáil. |
| **Nochtadh** | Teacht ar sheirbhísí agus ábhar meán agus rochtain a fháil orthu. |

Pléann an Beartas leis na ceithre ghné sin ina chuspóirí, ina réimsí toraidh agus ina tháscairí, agus léirítear ann an chaoi a dtéann na gnéithe sin i bhfeidhm ar an iolrachas, an chaoi a nascann siad lena chéile agus an chaoi ar féidir leis an gCoimisiún a ghníomhartha rialála agus forbartha a stiúradh i dtaca leis na gnéithe sin chun tacú le hiolrachas na meán agus é a chur chun cinn.

Féadfaidh an Coimisiún díriú ar na gnéithe thuas a bheag nó a mhór, de réir mar is cuí, ar fud réimse a chumhachtaí agus a fheidhmeanna.

Is féidir gníomhartha an Choimisiúin a stiúradh ag na leibhéil seo a leanas:

- Margadh meán nó margaí meán,
- Grúpa nó grúpaí seirbhísí meán nó ardán ar líne,
- Seirbhísí meán aonair nó ardáin aonair ar líne,
- Cruthaitheoirí, foilsitheoirí agus dáileoirí ábhair meán,
- Soláthraithe córas tomhaiste pobail meáin,
- Údaráis phoiblí,
- Comhéadain agus gléasanna úsáideora, agus/nó
- Úsáideoirí agus luchtanna féachana.

## An tábhacht a bhaineann le hiolrachas na meán

Mar a chuirtear béim air san EMFA agus sa Sciath Eorpach don Daonlathas, aithnítear meáin shaora, neamhspleácha agus iolraíocha mar chrainn taca don daonlathas nua-aimseartha, rud a fhágann gur féidir faisnéis a scaipeadh agus lucht na cumhachta a thabhairt chun cuntais.

Tá ról ag na meáin maidir le faisnéis iontaofa agus dearcthaí éagsúla a tháirgeadh agus a sholáthar, agus is féidir leo próisis dhaonlathacha rannpháirteacha, tuiscint idirchultúrtha, ionchuimsitheacht shóisialta agus urraim don éagsúlacht a chur chun cinn. Is féidir ról suntasach a bheith ag na meáin maidir le tuairimí an phobail a fhoirmiú agus dioscúrsa poiblí a mhúnlú.

Cuidíonn rochtain ar ghuthanna, tuairimí agus anailísí éagsúla, chomh maith leis an bhféidearthacht tuairimí an duine féin a chur in iúl, lena chinntiú nach mbíonn tionchar míchuí ag aon fhoinse nó eintiteas amháin ar thuairimí an phobail ná ar an dioscúrsa poiblí. Ba cheart an rochtain agus an léiriú sin a bheith ann ar roinnt leibhéal – lena n-áirítear ar an leibhéal idirnáisiúnta, náisiúnta, áitiúil agus pobail.

Tá tionchar ag dearadh, feidhmiú, infhaighteacht agus infhionntacht bealaí chun ábhar meán a léiriú, a dháileadh agus a sheachadadh, lena n-áirítear ardáin ar líne agus teicneolaíochtaí digiteacha, ar an bhféidearthacht atá ag éagsúlacht daoine rochtain a fháil ar éagsúlacht seirbhísí agus ábhair.

Braitheann iolrachas na meán ar inmharthanacht réimse seirbhísí agus ábhar; imríonn réimse tosca tionchar ar an inmharthanacht seo.

## Rioscaí agus dúshláin d’iolrachas na meán

Bíonn tírdhreach na meán ag athrú agus ag forbairt i gcónaí. Ar leibhéil na hÉireann, na hEorpa agus an domhain, d’imir na meáin tionchar ar fhorbairtí sa reachtaíocht, sa bheartas, i struchtúir margaidh meán, i nósanna agus iompar luchtanna féachana agus éisteachta agus i léiriúchán agus scaipeadh ábhar, agus d’imir na nithe sin tionchar ar thírdhreach na meán chomh maith.

Is é is ciall leis an athrú agus leis an bhforbairt sin ná go bhfuil réimse ceisteanna maidir le conas is fearr réimse seirbhísí meán agus ábhar a chruthú agus a sholáthar atá ionadaíoch, a chomhlíonann cearta, riachtanais agus leasa éagsúla, agus atá inmharthana. Baineann na ceisteanna seo le fadhbanna struchtúrtha, mar shampla conas a éascaíonn saincheisteanna margaidh iolrachas na meán, mar aon le ceisteanna rannpháirtíochta agus ionadaíochta sna meáin.



## 2. Cad is iolrachas na meán ann?

Tá roinnt rioscaí agus dúshlán tagtha chun cinn nó ag teacht chun cinn maidir leis an tsaoirse cainte, faisnéis a fháil agus iolrachas na meán, lena n-áirítear:

| Dálaí margaidh | Ábhar a sholáthar | Lucht féachana agus úsáideoirí |
|---|---|---|
| Cumhacht na n-idirghabhálaithe ar líne tionchar a imirt ar rochtain ar ábhar meán | Dúshláin maidir le hinmharthanacht agus neamhspleáchas an tsoláthair ábhair seirbhíse poiblí | Tuiscint theoranta ar nósanna agus roghanna an lucht féachana agus an úsáideora ar fud fhoinsí na meán, go háirithe ar líne |
| Teacht chun cinn, glacadh agus úsáid teicneolaíochtaí digiteacha áirithe, lena n-áirítear an intleacht shaorga | Dúshláin d'inmharthanacht seirbhísí agus ábhair meán réigiúnacha, áitiúla, pobail agus nideoige | Méadú ar rogha i dtreo idirghabhálaithe ar líne, go háirithe i measc lucht féachana áirithe agus cohóirt úsáideoirí áirithe |
| Drochúsáid agus mí-úsáid teicneolaíochtaí chun cur isteach ar thuairimí an phobail agus ar an dioscúrsa poiblí | Soláthar teoranta seirbhísí agus ábhair i nGaeilge agus i dTeanga Chomharthaíochta na hÉireann | Seirbhís theoranta agus inrochtaineacht ábhair, lena n-áirítear ar fhoras socheacnamaíoch agus míchumais |
| Trédhearcacht agus cuntasacht theoranta in oibríochtaí soláthraithe idirghabhálaithe ar líne agus teicneolaíochtaí digiteacha | Léiriú teoranta agus/nó steiréitíopáilte ar ghrúpaí mionaithe in ábhar agus i ndéanamh clár | Feasacht theoranta i measc an phobail i gcoitinne maidir le struchtúir úinéireachta agus a dtionchar |
| Dlús á chur le comhchruinniú na soláthraithe seirbhíse meán | Saincheisteanna comhionannais in earnáil na meán | Feasacht theoranta i measc an phobail i gcoitinne maidir leis an gcaoi agus/nó an fáth a bhfeiceann siad seirbhísí agus ábhar áirithe |
| Leibhéil chomhchruinnithe san ioncam margaíochta, go háirithe sa mhargaíocht dhigiteach | Bagairtí ar shábháilteacht iriseoirí agus oibrithe meán | Leibhéil muiníne maidir leis na meáin |

# 3. Fís and cuspóirí an Bheartais

Is ionann **fís** agus **cuspóirí** an Bheartais agus sprioc an Bheartais, agus cuirfidh siad bonn eolais faoi ghníomhartha an Choimisiúin ar bhonn leanúnach, ar feadh shaolré an Bheartais.

## Fís

Is é **fís** an Choimisiúin dá Bheartas um Iolrachas na Meán cur ar chumas na heagraíochta tírdhreach meán a rialáil, a fhorbairt agus tacú leis a bhfuil na tréithe seo a leanas aige:

- tá sé inbhuanaithe, iolraíoch agus rannpháirteach;
- tacaíonn sé leis an daonlathas agus le luachanna daonlathacha; agus
- léiríonn agus múnlaíonn sé cé muid féin mar shochaí.

## Cuspóirí

Is iad seo a leanas **cuspóirí** an Choimisiúin maidir le tacú le hiolrachas na meán agus é a chur chun cinn:

1. A chinntiú go bhfuil struchtúir úinéireachta agus rialaithe éagsúil agus trédhearcach.

2. Neamhspleáchas soláthraithe seirbhíse meán a chosaint i ndearadh, seachadadh agus scaipeadh ábhair, lena n-áirítear sa chinnteoireacht eagarthóireachta.

3. Tírdhreach meán atá faoi bhláth, cruthaitheach agus nuálach a rialáil, a fhorbairt agus tacú leis, ina gcinntítear inmharthanacht réimse seirbhísí agus ábhair meán.

4. Tírdhreach meán a rialáil, a fhorbairt agus tacú leis atá freagrúil do chearta, riachtanais agus leasanna sochaí éagsúla agus a léiríonn iad, lena n-áirítear maidir le cultúr, teanga agus oidhreacht na hÉireann.

5. A chinntiú go bhfuil sé de chumhacht ag daoine roghanna eolasacha a dhéanamh maidir leis na seirbhísí agus an ábhar a bhfaigheann siad rochtain orthu, a úsáideann siad agus a chruthaíonn siad.

6. A chinntiú go mbeidh ábhar meán iontaofa, údarásach agus ábhartha ar fáil, go mbeidh sé infhionnta, inbhuanaithe agus inrochtana, lena n-áirítear iriseoireacht neamhspleách iontaofa.

# 4. Réimsí toraidh beartais



Leagtar béim sna **réimsí toraidh** ar an áit a bhfuil sé mar aidhm ar leith ag an gCoimisiún tionchar a imirt ar an bpobal agus ar thírdhreach na meán chun tacú le hiolrachas na meán agus chun é a chur chun cinn. Is léiriú breise é ar **fhís** agus ar **chuspóirí** an Choimisiúin don Bheartas.

Tá na réimsí toraidh fite fuaite ina chéile agus tá forluí eatarthu – rachaidh baint amach an tionchair faoi réimse toraidh amháin chun tairbhe do réimsí toraidh eile freisin.

Féadfaidh an Coimisiún tagairt a dhéanamh do na réimsí torthaí agus feidhmeanna agus gníomhaíochtaí gaolmhara á bhforbairt agus á gcur i gcrích aige.

Féadfaidh an Coimisiún meastóireacht a dhéanamh ar a thionchar faoi na réimsí toraidh trí thagairt a dhéanamh do na **táscairí** agus d'fhoinsí eile faisnéise.

# Seirbhís Phoiblí

**Seirbhísí agus ábhar meán a léiríonn an pobal agus a fhreastalaíonn air.**

Tá ról ríthábhachtach ag meáin seirbhíse poiblí agus ag ábhar seirbhíse poiblí sa tsochaí – na meáin atá faoi úinéireacht agus á maoiniú ag an bpobal. Is féidir leo cearta na saoránach a chosaint agus raon riachtanas agus leasanna a chomhlíonadh.

Ceanglaítear ar eagraíochtaí meán seirbhíse poiblí na hÉireann, RTÉ agus TG4, a bheith ar fáil agus freagrúil do leasanna mhuintir oileán na hÉireann.

Déanann soláthraithe seirbhíse meán eile ábhar seirbhíse poiblí a tháirgeadh agus a chur ar fáil freisin, lena n-áirítear soláthraithe seirbhíse meán tráchtála, pobail agus áitiúla, ach gan bheith teoranta dóibh sin amháin.

Agus an Beartas á chur chun feidhme, rachaidh an Coimisiún i mbun gníomhaíochtaí chun cur ar chumas eagraíochtaí meán agus ábhair seirbhíse poiblí an méid seo a leanas a dhéanamh:

- neamhspleáchas eagarthóireachta a choinneáil ar bun;
- caighdeáin rialála a leanúint agus cuspóirí seirbhíse poiblí a chomhlíonadh;
- a bheith trédhearcach agus cuntasach don phobal;
- rannpháirtíocht an phobail a chur chun cinn;
- tairbhe a bhaint as maoiniú iomchuí chun tacú le soláthar seirbhíse agus ábhair;
- muinín mhuintir oileán na hÉireann a theachtadh agus tógáil uirthi; agus
- nasc agus teagmháil a dhéanamh le héagsúlacht daoine.

## Iriseoireacht

**Seirbhísí agus ábhar ardchaighdeáin, nuachta agus cúrsaí reatha neamhspleácha.**

Tá rochtain ar nuacht agus ar chúrsaí reatha atá iontaofa, neamhspleách agus neamhchlaonta ríthábhachtach chun díospóireacht eolasach faoi ábhair a bhaineann le leas an phobail a chinntiú.

Tagann roinnt dúshlán chun cinn maidir le hábhar nuachta agus cúrsaí reatha a sholáthar, lena n-áirítear bréagaisnéis agus mífhaisnéis, agus inmharthanacht soláthraithe seirbhíse meán, go háirithe ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil.

Agus an Beartas á chur chun feidhme, rachaidh an Coimisiún i mbun gníomhaíochtaí chun cur ar chumas ábhar nuachta agus cúrsaí reatha an méid seo a leanas a dhéanamh:

- neamhspleáchas eagarthóireachta a choinneáil ar bun;
- caighdeáin rialála a leanúint;
- tairbhe a bhaint as maoiniú iomchuí chun tacú le soláthar seirbhíse agus gairmeacha beatha;
- ábhar a sholáthar ar bhealach sábháilte;
- muinín réimse daoine a theachtadh agus tógáil uirthi; agus
- ionadaíocht a dhéanamh ar raon guthanna, tuairimí agus anailísí go hoibiachtúil, go neamhchlaonta, agus go cothrom.

## Rogha

**Fionnachtain fheasach agus rochtain ar raon seirbhísí agus ábhair meán.**

Ba cheart úsáideoirí agus luchtanna éisteachta/féachana a nochtadh do raon agus do mheascán seirbhísí meán agus ábhair meán, rud a chinnteoidh go mbeidh rochtain acu ar ghuthanna, ar thuairimí agus ar anailísí.

Ní hionann infhaighteacht ábhair agus rochtain ar ábhar. Ní chiallaíonn infhaighteacht réimse seirbhísí agus ábhair go bhfuil úsáideoirí agus luchtanna féachana ag rochtain orthu agus á n-úsáid, ná go bhfuil siad go hiomlán ar an eolas faoi na seirbhísí agus faoin ábhar sin.

Agus an Beartas á chur chun feidhme, rachaidh an Coimisiún i mbun gníomhaíochtaí chun cur ar chumas úsáideoirí agus luchtanna féachana an méid seo a leanas a dhéanamh:

- tuiscint a fháil ar cé a chruthaíonn agus ar leis seirbhísí agus ábhar;
- tionchar na húinéireachta ar na meáin a thuiscint;
- tuiscint a fháil ar conas agus cén fáth a sroicheann seirbhísí agus ábhar iad;
- seirbhísí agus ábhar éagsúil a aimsiú agus a rochtain;
- machnamh criticiúil a dhéanamh ar na seirbhísí agus ar an ábhar a aimsíonn siad agus a bhfaigheann siad rochtain orthu.

## Nuálaíocht

**Deiseanna nua le haghaidh seirbhísí agus ábhar meán.**

Teicneolaíochtaí nua agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn, cé go gcruthaíonn siad dúshláin do thírdhreach na meán, cuireann siad deiseanna nua ar fáil chun seirbhísí agus ábhar meán a dhearadh, a sheachadadh agus a scaipeadh.

Tá an nuálaíocht ag brath ar sheirbhís meán agus ar inmharthanacht ábhair agus is réamhchoinníoll í an tráth chéanna – teastaíonn tacaíocht leordhóthanach ó sheirbhísí agus ábhar meán chun nuáil a dhéanamh, agus ceanglaítear orthu a bheith nuálach chun luchtanna féachana nua a fhorbairt agus a shroicheadh ar bhealaí nua. Is féidir nuálaíocht a chothú le cothrom iomaíochta do sheirbhísí agus ábhar meán.

Agus an Beartas á chur chun feidhme, rachaidh an Coimisiún i mbun gníomhaíochtaí chun cur ar chumas seirbhísí agus ábhair meán an méid seo a leanas a dhéanamh:

- raon teicneolaíochtaí a úsáid agus infheistíocht a dhéanamh iontu chun ábhar a dhearadh agus a sholáthar;
- seirbhísí agus formáidí neamhthraidisiúnta agus bealaí scaipthe nua a iniúchadh;
- tacaíocht a fháil ó scileanna agus cumais in earnálacha na meán agus na seirbhísí digiteacha;
- tairbhe a bhaint as maoiniú iomchuí don nuálaíocht; agus
- tógáil ar chomhpháirtíochtaí atá ann cheana agus comhpháirtíochtaí nua a chruthú.

## Ionchuimsitheacht


**An ceart atá ag gach duine chun rannpháirtíochta agus chun saoirse cainte i dtimpeallacht na meán a chaomhnú.**

Ní féidir tacú le héagsúlacht guthanna, tuairimí agus anailísí ach amháin trí rannpháirtíocht éagsúlachta daoine i dtimpeallacht na meán.

Ba cheart éagsúlacht na sochaí a léiriú i seirbhísí meán agus in ábhar meán, agus ba cheart d'éagsúlacht na sochaí iad a mhúnlú agus rochtain a bheith aici orthu. Go háirithe, tá ról ag na meáin maidir le tuiscint, ionchuimsitheacht agus meas ar an éagsúlacht a chur chun cinn. Tá ról suntasach ag na meáin seirbhíse poiblí, náisiúnta, réigiúnacha, áitiúla agus pobail maidir le deiseanna a chur ar fáil i dtaca leis an ionchuimsitheacht sin agus le spásanna comhroinnte, cé gur cheart an ionchuimsitheacht a leabú ar fud thírdhreach na meán.

Agus an Beartas á chur chun feidhme, rachaidh an Coimisiún i mbun gníomhaíochtaí chun cur ar chumas seirbhísí agus ábhair meán an méid seo a leanas a dhéanamh:

- a bheith faoi úinéireacht, faoi rialú agus faoi bhainistiú éagsúlachta eintiteas;
- léiriú cothrom agus measúil a thabhairt ar éagsúlacht daoine in ábhair agus i léiriú ábhair;
- a bheith cruthaithe agus bunaithe ar éagsúlacht daoine;
- a bheith inrochtana d'éagsúlacht daoine; agus
- tairbhe a bhaint as maoiniú iomchuí chun tacú leis an éagsúlacht sin.



# 5. Táscairí beartais

Leis na táscairí, nuair a chuirtear le chéile iad leis na réimsí toraidh, cuirtear bonn ar fáil chun iolrachas na meán agus tionchar ghníomhaíocht an Choimisiúin a thomhas.

Féadfaidh an Coimisiún tagairt a dhéanamh do na táscairí agus na réimsí torthaí agus feidhmeanna agus gníomhaíochtaí gaolmhara á bhforbairt agus á gcur i gcrích aige.

Féadfaidh an Coimisiún sonraí agus faisnéis a aisghabháil ó fhoinsí éagsúla, lena n-áirítear trína ghníomhaíocht rialála, forbartha agus tacaíochta, trína ghníomhaíocht dírithe ar an lucht féachana agus ar an úsáideoir, trína thaighde, nó trí ghníomhaíocht eile.

Féadfaidh an Coimisiún leas a bhaint freisin as tagairtí eile do shonraí agus d'fhaisnéis seachas na cinn atá liostaithe. Is féidir nach amhlaidh go mbeidh fáil ag an gCoimisiún ar na sonraí agus ar an bhfaisnéis ar fad arna liostáil ar bhonn rialtaithe.

Feidhmeoidh an Coimisiún laistigh dá shainchúram reachtúil agus de réir fhorálacha iomchuí dlíthiúla i dtaca le sonraí agus faisnéis áirithe a bhailiú agus a úsáid.

Tá na táscairí bainteach lena chéile agus tá go leor den ábhar céanna á chumhdach acu. Is féidir go dtiocfaidh athrú ar ualú agus ar thábhacht táscairí áirithe d'iolrachas na meán le himeacht ama. Tá réimse tosca ann a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar an mbealach a thagann na táscairí seo chun cinn sa saol mar atá.

Is féidir go ndéanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar na táscairí sin agus ar a chur chuige féin maidir le hiolrachas na meán a thomhas le himeacht ama.

## 5. Táscairí beartais

| Táscaire | Cur síos |
|---|---|
| **Neamhspleáchas** | Ba cheart go mbeadh cur isteach nó tionchar ó fhoinsí polaitiúla, tráchtála nó foinsí eile ag an íosleibhéal maidir le cinnteoireacht eagarthóireachta. |
| **Trédhearcacht** | Ba cheart úsáideoirí agus luchtanna éisteachta agus féachana a chur ar an eolas faoi na seirbhísí meán agus faoin ábhar a fheiceann siad agus ar a bhfaigheann siad rochtain. Ba cheart go dtuigfidís cé a chruthaíonn seirbhísí agus ábhar agus cé leis iad, agus cén chaoi agus cén fáth ar shroich na seirbhísí agus an t-ábhar sin iad. |
| **Cuntasacht** | Ba cheart soláthraithe seirbhíse a thabhairt chun cuntais as a dtionchar ar iolrachas na meán. |
| **Ionadaíocht** | Ba cheart an deis a thabhairt d'uasmhéid úsáideoirí agus luchtanna féachana agus éisteachta éagsúla a bheith ag cruthú agus iad féin agus daoine eile a fheiceáil i seirbhísí meán agus in ábhar meán. |
| **Inmharthanacht** | Ba cheart go mbeadh uasmhéid seirbhísí éagsúla agus ábhair éagsúil curtha ar fáil taobh lena chéile ar bhealach inbhuanaithe, freagrach agus sábháilte. |
| **Feiceálacht** | Ba cheart an líon is mó guthanna, tuairimí agus anailísí agus is féidir a chur faoi bhráid úsáideoirí agus luchtanna féachana agus éisteachta laistigh de raon seirbhísí agus ar fud raon seirbhísí. |
| **Comhchruinniú** | Ba cheart dáileadh samhlacha úinéireachta agus rialaithe a bheith i bhfeidhm, mar aon le dáileadh eintitis a bhfuil seirbhísí agus ábhar meán faoina n-úinéireacht nó faoina rialú. |



Is féidir go mbainfidh an Coimisiún leas as na táscairí seo chun iolrachas na meán a thomhas, agus tagairt á déanamh do na nithe seo a leanas:

- sonraí nó faisnéis arna gcur ar fáil ó eintitis rialáilte, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann leis an méid a leanas:
  - athbhreithnithe ar mheáin seirbhíse poiblí;
  - socruithe ceadúnúcháin;
  - socruithe agus samhlacha maoinithe do sholáthraithe seirbhíse meán agus d'ábhar;
  - a bheith ag cloí le cóid agus rialacha ábhartha;
  - oibriú córas moltaí;
  - cinntí maidir le modhnóireacht inneachair;
  - rioscaí a eascraíonn as dearadh nó feidhmiú ardán ar líne;
  - feiceálacht seirbhísí meán agus ábhair leasa ghinearálta, chomh maith leo siúd a bhaineann le saothair Eorpacha agus neamhspleácha;
  - an ceart chun an tairiscint meán a shaincheapadh;
  - leithdháileadh cistí poiblí le haghaidh conarthaí fógraíochta agus soláthair seirbhíse;
  - a bheith ag cloí le gealltanais maidir le hiolrachas na meán i gcomhthéacs na gníomhaíochta cumaisc agus éadála sna meáin;
- cineál agus méid na gníomhaíochta cumaisc agus éadála sna meáin;
- meastóireachtaí ar oibriú na gcód agus na rialacha ábhartha;
- dualgais, cóid agus rialacha reachtúla a chur i bhfeidhm maidir le gearáin a láimhseáil, comhlíonadh agus forfheidhmiú;
- scrúduithe ar shocruithe agus samhlacha maoinithe do sholáthraithe seirbhíse meán agus d'ábhar;
- taighde príomhúil nó ón ndeasc de réir mar is cuí;
- iarratais ar chonarthaí craolacháin; nó
- torthaí measúnuithe ar thionchair earnála, measúnuithe ar luach poiblí, nó measúnuithe ar thionchair rialála eile.

